

**Fógra faoi Alt 56A den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008 (Uimh. 15 de 2008)**

**TOGRA CHUN FODHLÍTHE A DHÉANAMH I dTACA LE SEIRBHÍS ÁIRITHE IOMPAIR PHOIBLÍ DO PHAISINÉIRÍ A SHOLÁTHAR**

Tugann an tÚdarás Náisiúnta Iompair fógra leis seo, de réir Alt56A(4) den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008, go mbeartaíonn sé fodhlíthe a dhéanamh faoi Alt 56A i ndáil leis an Údarás feidhmeanna a chomhlíonadh a thugtar dó i dtaca le seirbhísí iompair phoiblí do phaisinéirí a sholáthar(seachas i ndáil le seirbhís iarnróid do phaisinéirí agus seachas i ndáil le conradh arna dhámhachtain ag an Údarás Náisiúnta Iompair do Bhus Átha Cliath nó do Bhus Éireann).

Is iad seo a leanas na cuspóirí atá leis na fodhlíthe seo a dhéanamh:

- Rialáil ghinearálta ar thaisteal ag baint úsáid as modhanna na seirbhísí iompair sin;
- cosc a chur le núiseanna a dhéanamh ar mhodhanna na seirbhísí iompair sin;
- cosc a chur le damáiste do mhodhanna na seirbhísí iompair sin; agus
- toirmeasc a chur ar ítimí áirithe a úsáid ar mhodhanna na seirbhísí iompair sin agus iad a aistriú astu.

Tá cóip de na fodhlíthe beartaithe ar oscailt lena n-iniúchadh ag an bpobal i nDún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 (arb é príomhoifig an Údaráis Náisiúnta Iompair). Tá na fodhlíthe beartaithe foilsithe freisin ar shuíomh gréasáin an Údaráis Náisiúnta Iompair ag [www.nationaltransport.ie/consultations/](http://www.nationaltransport.ie/consultations/)

Féadfaidh aon duine agóidí in aghaidh na bhfodhlíthe beartaithe a chur faoi bhráid an Údaráis Náisiúnta Iompair i scríbhinn aon tráth amhail ar nó roimh an 31ú Iúil 2017. Ba chóir go bhfaigheadh an tÚdarás Náisiúnta Iompair agóidí den sórt sin ag Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 (faoi bhráid: An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)nó ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas [bus.byelaws@nationaltransport.ie](mailto:bus.byelaws@nationaltransport.ie)

30ú Meitheamh 2017  
AN tÚDARÁS NÁISIÚNTA IOMPAIR